

Scoil Mhuire

Béal Átha'n Ghaorthaidh

Co. Chorcaí

Guthán & Fax: 026 47050



Príomhoide: Seán Óg Ó Duinnín

Leas Príomhoide: Damhnait Uí Argáin

www.scoilmuirebg.ie

R-phost: oifig.scoilmuire@corketb.ie

20.08.20

A Thuismitheoirí & a Dhaltaí,

Táimid ag súil go mór le bualadh le daltaí arís agus fáilte a chur rompu. Tá an t-uafás oibre á dhéanamh faoi láthair le cinntiú go mbeidh daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar a suaimhneas agus sábháilte agus iad i dtimpeallacht na scoile. Beidh rudaí difriúil. Beidh béim, thar aon rud eile, ar fholláine na ndaltaí agus baill uile na scoile. Má thugann gach aon duine aird ar sin, beimid ceart go leor.

Seo chugaibh an scéal is déanaí maidir le filladh ar an scoil:

Dé Máirt 1 Meán Fómhair: 8.55 – 11:55	Daltaí Bliain 1 amháin
Dé Céadaoin 2ú Meán Fómhair: 8.55– 1:10	Daltaí Bl. 1 & 5
Déardaoin 3ú Meán Fómhair: 8:55 – 1:10	Daltaí Bl. 1 & 5, 3 & 6
Dé hAoine 4ú Meán Fómhair- Lá iomlán	Gach dalta ar scoil

- Beidh cead ag daltaí teacht ar scoil ó 8:35 – ní cóir a bheith ann níos luaithe.
- Tá ar gach dalta masc a chaitheamh agus iad ar scoil nuair nach bhfuil 2m eatarthu. Ciallaíonn sé seo go mbeidh masc ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí formhór an ama. *Beidh deiseanna á thabhairt ag múinteoirí 'sos anála' a thabhairt do dhaltaí gan an masc chomh minic agus is féidir amuigh sa chlós nó an dorcha/tionól, áit a bheidh 2m eatarthu.*
- Rachaidh dalta díreach go dtí an bun seomra ranga agus glanfar na lámha. *Tá na cóifrínní sa seomra dóibh.*
- Tabharfar doras faoi leith le húsáid do gach grúpa bunaithe ar an seomra thíos.
- Beidh bun-seomra ag gach rang mar seo a leanas;

• B11 – Seomra 9	• B11 – Doras Tionól
• B12 – Seomra 10	• B12 – Seomra 10
• B13 – Seomra 6	• B13 – Doras Tosaigh
• B15 – Tionól & Seomra 1	• B15 – Doras Tionól
• B16 – Seomra 5	• B16 – Doras Tosaigh

- Beidh féitheoireacht ar súil go dtí tús an chéad ranga @8:55
- Tá díghalráin ar fáil ar fud na scoile agus moltar é a úsáid go rialta.
- Ní bheidh cead ag daltaí an scoil a fhágaint chun dul go dtí an siopa agus ní bheidh an 'siopa' ag teacht chugainn. Beidh ar dhaltaí a lón féin a thabhairt leo don dá shos. *Ní bheidh teacht ag daltaí ar an micra-oighean ná an cuisneoir.*
- Beidh glantachán sa bhreis á dhéanamh i rith an lae ag an nglantóir.
- Beidh ar dhaltaí cúram a dhéanamh den chathaoir/binse a bheidh in úsáid acu a ghlanadh nuair a bhogann siad isteach i seomra atá roinnte (*ar nós an Saotharlann Eolaíochta, Seomra na Ríomhairí*). Beidh ceirtín glantacháin sna seomraí don ghnó seo.
- Beidh na sosanna ag na gnáth amanta ach, coimeádfar daltaí sna grúpaí-ranga féin. *Más gá breis ama sosa a eagrú, déanfar é seo.*
- Ní cóir go mbeadh níos mó ná beirt sna príomh-leithrisí ag an am chéanna.
- Ba chóir freagracht pearsanta an dalta maidir le sláinte a mheabhú dóibh.
- Ní ghlacfar le haon iompar a chuirfidh sláinte i mbaol ná a bhainfidh ó iarrachtaí gach aon duine dul i ngleic leis na dúshlán atá romhainn.
- Tá dréacht-chóip den tráthchlár le fáil ar an suíomh www.scoilmuirebg.ie anois le leagan amach an lae agus na seomraí a thuiscint.
- Má tá aon amhras faoi aon ní, nó aon mholadh, seol ríomhphost chugam ag seanog.oduinin@corketb.ie

Beidh mé chugaibh arís nuair a bheidh breis sonraí agam.

Le dea-mhéin,

Seán Óg Ó Duinnín, Príomhoide.